



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2023
(OR. en)

15548/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0414(NLE)**

**ECOFIN 1191
FIN 1170
UEM 357**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Samhain 2023
chuíg:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 729 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10157/21 INIT; ST 10157/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 729 final.

Faoi iamh: COM(2023) 729 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 16.11.2023
COM(2023) 729 final

2023/0414 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10157/21 INIT; ST 10157/21
ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus
athléimneachta na Laitvia**

{SWD(2023) 375 final}

2023/0414 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10157/21 INIT; ST 10157/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Laitvia an phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhorghas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021.²
- (2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 26 Meán Fómhair 2023, chuir an Laitvia phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.
- (4) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall go páirteach ar imthosca oibiachtúla. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Laitvia isteach, bhain siad le 70 beart.

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 10157/21; ST 10157/21 ADD 1.

- (5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Laitvia i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle go leathnódh an Laitvia an cánachas, lena n-áirítear cánachas maoinne agus caipitil, agus go neartódh sí leordhóthanacht an chúraim sláinte agus na cosanta sóisialta. Mhol sí freisin don Laitvia leanúint dá plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go seasta, bailchríoch a chur go pras ar an gcaibidil REPowerEU agus leanúint ar aghaidh le cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme go pras. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide trí scéimeanna iasachtaithe agus ráthaíochta poiblí. Maidir le dúshlán fuinnimh, mhol an Chomhairle go gcuirfeadh an Laitvia deireadh leis na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a luaithe is féidir in 2023 agus 2024 nó ar a laghad go n-áiritheoidh sí go mbeidh na bearta sin, más gá, dírithe ar theaghlaigh agus gnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidh siad inacmhainne go fíoscach, agus go gcaomhnóidh siad dreasachtaí i leith coigilteas fuinnimh. Mhol an Chomhairle freisin go laghdódh an Laitvia a spleáchas foriomlán ar bhreosláí iontaise trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a neartú, trí acmhainneacht leordhóthanach idirnasca a áirithiú agus trí leanúint de shioncrónú a dhéanamh le heangach leictreachais an Aontais, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar uas-sciliú glas.
- (6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údarais áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirí um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241

- (7) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Laitvia isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 35 bheart.
- (8) Mhínigh an Laitvia go bhfuil cúig bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh sna téarmaí sonracha atá beartaithe sa phlean bunaidh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann sé sin le spriocanna le sraithuimhreacha 3 agus 4 de bheart 1.1.1.1i (Infheistíocht: Iompar iomaíoch paisinéirí iarnróid laistigh de chomhchóras iompair phoiblí chathair Ríge), sprioc le huimhir sheicheamhach 5 de bheart 1.1.1.2i (Infheistíocht: Feabhsuithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar chóras iompair phoiblí chathair Ríge), sprioc le huimhir sheicheamhach 6 de bheart 1.1.1.3.i (Infheistíocht: Bonneagar iomlán marcaíochta rothar) agus sprioc le huimhir sheicheamhach 18 de bheart 1.2.1.4.i (Infheistíocht: Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla), iad uile faoi chomhchuid 1 (An tAthru Aeráide agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil); agus garspriocanna le huimhreacha seicheamhacha 176 agus 177 de bheart 6.1.2.1.i (Infheistíocht: An trealamh iarnróid x-ghathaithe a nascadh le Baxe agus úsáid na hintleachta saorga chun anailís a dhéanamh ar íomhánna scanta lasta iarnróid) faoi chomhpháirt 6 (An Smacht Reachta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia modhnú ar raon feidhme na spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 3, 4, 5, 6, 18 agus 102, agus síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na ngarspriocanna lena ngabhann

uimhir sheicheamhach 176 agus 177. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (9) Mhínigh an Laitvia go bhfuil sé bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh mar a beartaíodh sa RRP bunaidh mar gheall ar bhoilsciú ard, mar aon le suaitheadh sa slabhra soláthair i gcásanna áirithe. Baineann sé sin le spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 63 agus 64 de bheart 2.3.1.2.i (Infheistíocht: Príomhscileanna digiteacha fiontar a fhorbairt) faoi chomhchuid 2 (Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go laghdófaí luach na spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 63 agus 64. Baineann sé sin leis an sprioc le huimhir sheicheamhach 102 de bheart 3.1.1.4.i (Infheistíocht: Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar cíós íseal a thógáil) faoi chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia uailmhian tosaigh an bhirt thuasluaite a laghdú. Baineann sé sin freisin le garspriocanna agus spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 113, 114, 115, 116 agus 117 de bheart 3.1.2.1.i (Infheistíocht: Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn), spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 122 agus 123 de bheart 3.1.2.3.i (Infheistíocht: Athléimneacht agus leanúnachas cúraim shóisialta inbhuanaithe) agus garspriocanna le huimhreacha seicheamhacha 125 agus 126 de bheart 3.1.2.4.i (Infheistíocht: Forbairt shineirgeach ar sheirbhísí athshlánaithe sóisialta agus gairmiúla ar mhaithe le sábháilteacht daoine faoi mhíchumas), iad go léir faoi chomhchuid 3 (Comhionannas a Laghdú). Chun an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir leis na trí bheart sin a choinneáil, rinne an Laitvia an méadú ar chostais mheasta a chúiteamh trí úsáid a bhaint as acmhainní breise atá ar fáil tar éis an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garspriocanna le huimhreacha seicheamhacha 181, 182, 183, 184 agus 185 de bheart 6.1.2.4.i (Infheistíocht: Bonneagar a bhunú le haghaidh fheidhmeanna na seirbhísí rialaithe in Kundziņsala) faoi chomhpháirt 6 (An Smacht Reachta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na mbeart thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (10) Mhínigh an Laitvia nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne a beartaíodh sa RRP bunaidh mar gheall ar imthosca oibiachtúla a raibh gá leo chun an próiseas soláthair a fhadú. Baineann sé sin le sprioc le huimhir sheicheamhach 66 de bheart 2.3.1.4.i (Infheistíocht: Forbairt an chur chuige maidir le cuntais foghlama aonair), sprioc le huimhir sheicheamhach 78 de bheart 2.3.2.3i (Infheistíocht: An deighilt dhigiteach a dhúnadh le haghaidh grúpaí agus institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta) faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach); garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 119 agus 120 de bheart 3.1.2.2.i (Infheistíocht: Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt) faoi chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú) agus garsprioc le huimhir sheicheamhach 180 de bheart 6.1.2.3.i (Infheistíocht: Feabhas a chur ar rialú custaim ar ítimí poist a fuarthas ag Pointe rialaithe custaim an aerfoirt) faoi chomhpháirt 6 (An Smacht Reachta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme le haghaidh garspriocanna le huimhreacha seicheamhacha 119, 120 agus 180, agus an sprioc idirmheánach le huimhir sheicheamhach 78 a scriosadh, agus íslítear an sprioc idirmheánach le huimhir sheicheamhach 66 (agus sprioc dheiridh an bhirt slán). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (11) Mhínigh an Laitvia nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh mar a beartaíodh sa RRP bunaidh mar gheall ar scrogaill gan choinne. Baineann sé sin leis

an sprioc le huimhir sheicheamhach 71 de bheart 2.3.2.1.i (Infheistíocht: Scileanna digiteacha d'áitritheoirí, lena n-áirítear daoine óga) faoi chomhchuid 2 (Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia luach na sprice idirmheánaí a laghdú, agus an sprioc dheiridh le haghaidh an bhirt sin a choinneáil slán ag an am céanna. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (12) Mhínigh an Laitvia go ndearnadh 12 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le bun-uailmhian na mbeart lena mbaineann a bhaint amach. Baineann sé sin leis an sprioc le huimhir sheicheamhach 12 de bheart 1.2.1.2.i (Infheistíocht: Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú, a bhfuil sé beartaithe é a chur chun feidhme go náisiúnta i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte), agus sprioc le huimhir sheicheamhach 26 de bheart 1.3.1.2.i (Infheistíocht: Infheistíochtaí i mbonneagar laghdaithe riosca tuilte), faoi chomhchuid 1 (An tAthrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go méadófaí luach na dtionscadal ceadaithe a bhaineann le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus go ndéanfaí tagairt do chur i gcrích tionscadal cosanta riosca tuilte. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin leis na spriocanna darb uimhir sheicheamhach 35 agus 36 de bheart 2.1.2.2.i (Infheistíocht: Néal Cónaidhme Náisiúnta na Laitvia) faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia modhnú a dhéanamh ar an réiteach teicneolaíoch chun ailtireacht TF nua-aimseartha agus néalréitigh a chur chun feidhme sa riarachán poiblí. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 42 de bheart 2.2.1.r (Athchóiriú: Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach), spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 43 agus 44 de bheart 2.2.1.1.i (Infheistíocht: Tacaíocht chun Moil Nuálaíochta Digití agus Pointí Teagmhála Réigiúnacha a bhunú) agus spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 45 agus 46 de bheart 2.2.1.2.i (Infheistíocht: Tacaíocht do dhigitiú na bpróiseas i ngníomhaíochtaí tráchtála) faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go méadófaí na grúpaí tairbhithé chun claochlú digiteach an gheilleagair a leathnú. Tá sé molta ag an Laitvia freisin go ndéanfaí idirdhealú idir an cineál tomhais aschuir i gcás grúpaí éagsúla tairbhithé. Dá bhrí sin, leasaíodh spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 43 agus 44 agus cuireadh garsprioc nua le huimhir sheicheamhach 44a isteach chun tacaíocht do ghrúpaí éagsúla tairbhithé a léiriú agus chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcineál tomhais lena mbaineann. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garspriocanna le huimhreacha seicheamhacha 55, 57 agus 58 de bheart 2.3.1.r (Athchóiriú: Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt) faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia creat rialála aonair a fhorbairt mar réiteach níos éifeachtaí chun cuspóirí an athchóirithe a bhaint amach, agus na gealltanais a bhaineann lena chur chun feidhme a neartú ag an am céanna, agus na scéimeanna oiliúna atá ann cheana agus atá beartaithe a chur chun feidhme i gcomhar. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 128 de bheart 3.1.2.5.i (Infheistíocht: Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair) faoi chomhchuid 3 (Comhionannas a Laghdú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go ndéanfaí athbhreithniú ar líon na n-uirlisí measúnaithe ar scileanna digiteacha go ceann amháin, i gcás ina mbeadh dhá chineál tástála ar fáil, ar mhaithe le háisiúlacht níos fearr don úsáideoir agus tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le sprioc agus garsprioc le huimhreacha seicheamhacha 155 agus 156 de bheart 5.1.1.1.i (Infheistíocht: Samhail rialachais lánfheidhme don chóras nuálaíochta a

fhorbairt agus a oibriú go leanúnach) agus cloch mhíle agus sprioc le huimhreacha seicheamhacha 157 agus 158 de bheart 5.1.1.2.i. (Infheistíocht: Ionstraim chun tacú le forbairt braislí nuálaíochta), faoi chomhchuid 5 (Claochlú Eacnamaíoch agus Athchóiriú Táirgiúlachta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go ndéanfaí athbhreithniú ar shamhail rialachais an chórais nuálaíochta chun tacaíocht éifeachtach a áirithiú agus braislí nuálaíochta á bhforbairt. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 200 de bheart 6.3.1.1.i. (Infheistíocht: Riarachán poiblí atá oscailte, trédhearcach, cothrom agus cuntasach) agus garsprioc le huimhir sheicheamhach 202 de bheart 6.3.1.2.i. (Infheistíocht: Riarachán poiblí agus forbairt riaracháin agus acmhainneachta a ghairmiúlú, faoi chomhchuid 6 (an Riail Dlí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia go n-athrófaí an doiciméad a glacadh ó Threoirilínte Creata Inniúlachta go gníomh rialála inmheánach, rud a neartaíonn ar an gcaoi sin an bunús dlí le glacadh chreat inniúlachta Scoil an Riaracháin Phoiblí. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (13) Mhínigh an Laitvia nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh sna téarmaí sonracha a beartaíodh sa phlean bunaidh mar gheall ar athruithe gan choinne ar sholáthar seirbhísí digiteacha. Baineann sé sin le spriocanna le sraithuimhreacha 29 agus 30 de bheart 2.1.1.1.i (Infheistíocht: Nuachóiriú riaracháin agus claochlú digiteach seirbhísí, lena n-áirítear an timpeallacht ghnó), spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 32,33 agus 34 de bheart 2.1.2.1.i (Infheistíocht: Ardáin agus córais rialachais láraithe), sprioc le huimhir sheicheamhach 39 de bheart 2.1.3.1.i (Infheistíocht: Infhaighteacht, comhroinnt agus anailís sonraí) go léir faoi Chomhchuid 2 (Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Laitvia cistiú a athdháileadh ar na bearta sin agus luach na sprice a mhodhnú le huimhir sheicheamhach 39. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (14) Mhínigh an Laitvia thairis sin nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh sna téarmaí sonracha atá beartaithe sa phlean mar gheall ar imthosca oibiachtúla, mar gheall ar shaincheisteanna comhoiriúnachta le rialacha maidir le Státchabhair faoi Airteagal 107 den Chonradh nárbh fhéidir a thuar le linn chéim na pleanála. Baineann sé sin le baint na sprice le huimhir sheicheamhach 82 de bheart 2.4.1.1.i. (Infheistíocht: Tógáil an bhonneagair éighníomhaigh ar chonair Via Baltica le haghaidh chumhdach 5G) faoi chomhchuid 2 (Claochlú Digiteach). Ar an mbonn sin, mhol an Laitvia úsáid a bhaint as na hacmhainní airgeadais a saoradh trí sprioc a bhaint le huimhir sheicheamhach 82 chun uailmhian na sprice a mhéadú le huimhir sheicheamhach 83 de bheart 2.4.1.2.i (Infheistíocht: Bonneagar leathanbhanda nó an líonra fíor-ardacmhainne “forbairt bonneagair an mhíle dheireanaigh”) faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (15) Mhínigh an Laitvia go ndearnadh dhá bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le bun-uailmhian an bhirt lena mbaineann a bhaint amach. Baineann sé sin leis an sprioc le huimhir sheicheamhach 108 de bheart 3.1.1.6.i (Infheistíocht: Ceannach feithiclí astaíochtaí nialasacha chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú) faoi chomhchuid 3 (Comhionannas a Laghdú). Ag an am céanna, mhol an Laitvia úsáid a bhaint as na hacmhainní airgeadais a saoradh trí laghdú a dhéanamh ar an sprioc leithdháilte buiséid le huimhir sheicheamhach 108 chun an sprioc a mhéadú le huimhir sheicheamhach 106 de bheart 3.1.1.5.i (Infheistíocht: Bonneagar agus trealamh institiúidí oideachais a fhorbairt) faoi chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú) chun forbairt bonneagair agus trealaimh

institiúidí oideachais a leathnú tuilleadh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (16) Na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Laitvia, measann an Coimisiún gur údar maith iad leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (17) Sainaithníodh earráidí cléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena ndéantar difear do 35 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach bhfreagraíonn d'ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a chomhaontaigh an Coimisiún agus an Laitvia. Baineann na hearráidí cléireachais sin le beart 1.1.1 (Athchóiriú: Córas Iompair Raon Cathrach Ríge a Ghlasú), beart 1.2.1.1.i. (Infheistíocht: Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú), beart 1.2.1.3.i. (Infheistíocht: Foirgnimh bardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú), iad uile faoi chomhchuid 1 (An tAthrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil); beart 2.1.1.r. (Athchóiriú: Próisis agus seirbhísí náisiúnta agus an claochlú digiteach a nuachóiriú), beart 2.1.2.r (Athchóiriú: Éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht a mhéadú maidir le húsáid acmhainní náisiúnta TFC), beart 2.1.2.1i (Infheistíocht: Ardáin agus córais rialachais láraithe), beart 2.1.3.r. (Athchóiriú: An geilleagar náisiúnta sonraí eacnamaíocha agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt), beart 2.2.1.2.i. (Infheistíocht: Tacaíocht do dhigitiú na bpróiseas i ngníomhaíochtaí tráchtála), beart 2.2.1.3.i. (Infheistíocht: Cabhair le haghaidh tabhairt isteach gnó táirgí agus seirbhísí nua, beart 2.2.1.4.i. (Infheistíocht: Ionstraimí airgeadais chun claochlú digiteach oibreoirí eacnamaíocha a éascú), beart 2.2.1.5.i. (Infheistíocht: Claochlú digiteach chuideachtaí na meán a chothú), beart 2.3.1.1.i. (Infheistíocht: Sealbhú ardscileanna digiteacha a áirithiú), beart 2.3.1.3.i. (Infheistíocht: Cur chuige oiliúna féinbhainistithe a fhorbairt do speisialtóirí TFC), beart 2.3.r. (Athchóiriú: Scileanna digiteacha le haghaidh chlaohlú digiteach na sochaí agus an rialtais), beart 2.3.2.2.i. (Infheistíocht: Scileanna agus cumais claochlaithe dhigitigh stáit agus rialtais áitiúil a fhorbairt), beart 2.4.1.r. (Athchóiriú: Bonneagar leathanbhanda a fhorbairt), iad uile faoi chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach); beart 3.1.1.r (Athchóiriú: Athchóiriú críochach riaracháin), beart 3.1.1.1.i. (Infheistíocht: Feabhas a chur ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla) agus beart 3.1.1.2.i. (Infheistíocht: Acmhainneacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú), beart 3.1.2.r. (Athchóiriú: Rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíochta chun tacú le hathchóiriú ioncaim íosta), beart 3.1.2.5.i. (Infheistíocht: Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta i margadh an tsaothair), iad go léir faoi chomhchuid 3 (Comhionannas a Laghdú); beart 4.1.1.r (Athchóiriú: Inbhuanaitheacht agus athléimneacht córais cúraim sláinte atá dírithe ar an duine, cuimsitheach agus comhtháite), beart 4.1.1.1.i. (Infheistíocht: Tacaíocht do thaighde sláinte poiblí), beart 4.1.1.2.i. (Infheistíocht: Tacaíocht chun bonneagar sláinte na n-ospidéal ollscoile agus réigiúnach a neartú), beart 4.1.1.3.i. (Infheistíocht: Tacaíocht chun bonneagar sláinte soláthraithe tánaisteacha seirbhísí othar seachtrach a neartú), beart 4.2.1.r. (Athchóiriú: Acmhainní daonna a sholáthar agus uas-sciliú), beart 4.3.1.1.i. (Infheistíocht: Tacaíocht chun cáilíocht agus inrochtaineacht cúraim sláinte thánaistigh neamhospidéil a mheasúnú agus a fheabhsú), iad uile faoi chomhchuid 4 (Sláinte); beart 5.1.r. (Athchóiriú: Rialachas an chórais nuálaíochta agus spreagadh

infheistíochta príobháidí sa taighde agus san fhorbairt), beart 5.2.1.r. (Athchóiriú: Athchóiriú an Ardoideachais agus Barr Feabhais agus Rialachas Eolaíochta) faoi chomhchuid 5 (Claochlú Eacnamaíoch agus Athchóiriú Táirgiúlachta); beart 6.1.1.r. An anailísíocht a neartú agus bainistiú sonraí a fhorbairt i réimse an riaracháin chánach agus an chustaim, beart 6.1.2.R (Athchóiriú: Ciananailís agus anailís láraithe ar íomhánna scanta ag Pointí Rialaithe Custaim), beart 6.2.1.2.i (Infheistíocht: An cumas imscrúdú a dhéanamh ar choireacht eacnamaíoch a neartú), beart 6.2.1.3.i. (Infheistíocht: Ionad oiliúna aonair a bhunú chun cáilíochtaí breithiúna, foirne cúirte, ionchúisitheoirí, ionchúisitheoirí cúnta agus imscrúdaitheoirí speisialaithe (ábhair idirdhisciplíneacha) a fhorbairt), beart 6.3.1.3.i. (Infheistíocht: Éiceachóras nuálaíochta an riaracháin phoiblí a fhorbairt), beart 6.3.1.4.i (Infheistíocht: Fás eagraíochtaí neamhrialtasacha chun ionadaíocht na slándála sóisialta a neartú agus faireachán a dhéanamh ar leasanna an phobail), iad uile faoi chomhchuid 6 (an Smacht Reachta). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241

- (18) Tá athchóiriú nua amháin agus trí infheistíocht nua sa chaibidil REPowerEU. Tá an t-athchóiriú dírithe ar spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus ar sprioc na Laitvia a chur chun cinn maidir le bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlais. Is é is aidhm don chéad infheistíocht dlús a chur le sioncrónú na heangaí náisiúnta le gréasáin leictreachais mhór-roinn na hEorpa, agus an soláthar fuinnimh a dhaingniú agus a chobhsú. Tá an dara hinfeistíocht curtha in iúl i gceithre chuid agus tá sí dírithe ar an ngréasán náisiúnta fuinnimh a nuachóiriú, a dhigitiú agus a dhaingniú trí (a) acmhainneacht na heangaí náisiúnta a mhéadú chun freastal ar chomhtháthú níos airde d'fhoinsí in-athnuaite athraitheacha, (b) línte tarchuir fuinnimh a uasghrádú, (c) ardréiteach bainistíochta dáileacháin cliste a chur chun feidhme, agus (d) staidéir anailíseacha a chríochnú is gá chun conair na Laitvia a leagan amach le bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlais. Seachadann an tríú hinfeistíocht pointe insteallta bithmheatáin inbhuanaithe nua a thógáil agus réiteach TF a fhorbairt chun an pointe insteallta a bhainistiú go cliste.
- (19) Cuidíonn an t-athchóiriú freisin le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí thacú le pobail fuinnimh agus iad a chur chun cinn.
- (20) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, léirítear go mór (Rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.
- (22) Maidir leis an gcéad cholún, áirítear bearta breise in RRP modhnaithe na Laitvia chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghlasa, eadhon sa chaibidil REPowerEU. Rannchuidíonn na bearta sa chaibidil seo le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus

cuspoir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 tríd an eangach fuinnimh náisiúnta a ullmhú chun leictreachas in-athnuaite a chomhtháthú níos mó agus trí ghlacadh an bhithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Beart 7.1.r (Athchóiriú: An earnáil fuinnimh náisiúnta a chlaohlú) (i) creat cumasúcháin a thabhairt isteach do phobail fuinnimh, d'fhéintomhaltóirí agus d'úinéirí micrea-ghineadóirí, (ii) coinníollacha a leagan síos maidir le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin atá ann cheana, agus (iii) coinníollacha a leagan síos maidir le méadú a dhéanamh ar ghlacadh an bhithmheatáin inbhuanaithe atá le hinstealladh sa líonra gáis nádúrtha atá ann cheana. Tá coinne leis go rannchuideoidh gach beart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go mór leis an aistriú glas, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar mór de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

- (23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainathint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Laitvia, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainathint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (24) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil roimh mheasúnú an phlean mhodhnaithe ag an gCoimisiún. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Laitvia a choigeartú anuas, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.
- (25) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile tráth a tíolacadh an RRP modhnaithe, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí maidir leis an mbeartas fioscach (2022), frithsciúradh airgid (CSR 2020.4.1., 2019.1.3.), tacaíocht leachtachta chun tionchar na géarchéime a chomhrac (CSR 2020.3.1.) chomh maith le hinfheistíocht phoiblí in aistrithe glasa agus digiteacha a leathnú (CSR 2022.1.2.).
- (26) Áirítear sa RRP modhnaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach díobh a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Laitvia i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe an t-aistriú glas (CSR 2020.3.6, 2020.3.5., 2019.3.3., 2019.3.4.) agus an t-aistriú digiteach (CSR 2020.3.7., 2019.3.5.), an t-eisiamh sóisialta (CSR 2020.2.1., 2020.2.4., 2019.2.1., 2019.2.3.), cúram sláinte (CSR 2020.1.2., 2019.2.3.), éagothromaíochtaí réigiúnacha (CSR 2019.4.1.) agus tithíocht inacmhainne (CSR 2019.3.2.), scileanna digiteacha agus foghlaim aosach (CSR 2020.2.4., 2019.2.2., agus ardoideachas (CSR 2019.2.2.), cóineasú agus fás táirgiúlachta, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht agus tacaíocht d'infheistíochtaí gnó (CSR 2020.3.4., 2019.3.1.), agus acmhainneacht riaracháin, lena n-áirítear riarachán cánach, soláthar poiblí agus an córas breithiúnach (CSR 2019.4.1.).
- (27) Sa RRP modhnaithe, ní chuireann an Laitvia deireadh le haon athchóiriú agus caomhnaíonn sí a leibhéal uaillmhéine i ngach ceann de na sé chomhpháirt. Maolaítear

isliú spriocanna i roinnt de na hinfheistíochtaí ar chúiseanna oibiachtúla trí roghanna malartacha níos fearr a mhéadú nó a lorg i mBallstáit eile.

- (28) Meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2022 agus 2023 a bhaineann le fuinneamh. Go háirithe, an beart athchóirithe 7.1.r (Athchóiriú: An earnáil fuinnimh náisiúnta a athrú ó bhonn) táthar ag súil go laghdófar an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Na bearta infheistíochta 7.2.i (Infheistíocht: Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le greille an Aontais), 7.3.i (Infheistíocht: Táthar ag súil freisin go ndéanfaidh uasghrádú, digitíú agus daingniú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais) agus 7.4.i (glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú) an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite trí ghlacadh an bhithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú, trí na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais náisiúnta a dhigitíú, a uasghrádú agus a dhaingniú, agus trí stóráil agus acmhainneacht leictreachais a mhéadú. Meastar freisin go n-áiritheoidh siad acmhainneacht leordhóthanach idirnasca agus go leanfaidh siad de shioncrónú a dhéanamh le heangach leictreachais an Aontais.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').
- (30) Déantar measúnú sa phlean modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C58/01). Ní dhéanann athruithe a tugadh isteach i mbearta trí mhodhnú an phlean difear don mheasúnú a rinneadh don RRP bunaidh.
- (31) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí modhnaithe agus nua ar fad, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne an Laitvia measúnú ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. I gcás inar gá, áirítear coimirce sonracha chun comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú sna garspriocanna agus sna spriocanna ábhartha. Leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag an Laitvia, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.
- (32) Ní thagann aon bheart faoi RRP modhnaithe na Laitvia lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU faoi Airteagal 21c (3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

³ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (34) Meastar go rannchuideoidh na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU leis na cuspóirí faoi Airteagal 21c(3), pointí (b), (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Leis an infheistíocht agus leis an athchóiriú a ghabhann leis maidir le bithmheatán inbhuanaithe, táthar ag súil go méadófar glacadh na foinse sin trí phointe insteallta réigiúnach a chruthú agus trí chreat dlíthiúil a bhunú chun bithmheatán inbhuanaithe a chur sa líonra gáis nádúrtha atá ann cheana (cuspóir phointe (b)). Faoin gcreat sin, táthar ag súil go gcuirfear ar chumas táirgeoirí beaga bithmheatáin rannchuidiú le glacadh foriomlán na foinse sin a mhéadú trí rochtain a bheith acu ar phointí insteallta atá ar fáil. Leis an infheistíocht i nuachóiriú, digitiú agus slándáil na heangaí leictreachais, meastar go méadófar sciar an fhuinnimh in-athnuaite agus go gcuirfear dlús leis an úsáid sin trí réitigh bainistithe eangaí cliste a chur chun feidhme ar an leibhéal tarchurtha agus dáileacháin araon, agus trí acmhainneacht na heangaí náisiúnta a mhéadú chun freastal ar chomhtháthú foinsí in-athnuaite (cuspóir phointe (b)). Táthar ag súil go dtabharfaidh an t-athchóiriú aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh trí chreat rialála fabhrach a bhunú do phobail fuinnimh agus d'fhéinghiniúint, agus trí thionscnaimh a thabhairt isteach faoin gcreat sin i bhfabhar grúpaí leochaileacha (cuspóir phointe (c)). Táthar ag súil go rannchuideoidh an infheistíocht i dtógáil Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí le haghaidh a thabhairt ar scrogaill dáileacháin agus tarchurtha fuinnimh inmheánacha agus trasteorann a eascraíonn as díshioncrónú forchéimnitheach na heangaí náisiúnta ó líonraí Rúiseacha agus Bealarúiseacha (cuspóir phointe (e)). Ba cheart don infheistíocht sin tacú freisin le stóráil leictreachais agus slándáil fuinnimh a mhéadú (cuspóir phointe e)).
- (35) Tá na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU comhleanúnach le hiarrachtaí na Laitvia na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach, agus na bearta a áirítear sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a glacadh cheana á gcur san áireamh, chomh maith le bearta comhlántacha nó bearta tionlacain eile arna gcistiú go náisiúnta nó arna gcistiú ag an Aontas. Tá an infheistíocht i dtógáil Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí comhlántach le tionscadal trasteorann arna mhaoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Tá cuspóirí na caibidle REPowerEU ailínithe le hiarrachtaí na Laitvia spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú tuilleadh, dlús a chur leis an aistriú glas, agus a bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlain.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

- (36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.
- (37) Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine trí chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur san áireamh trí réitigh bainistithe eangaí cliste, trí bhonneagair leictreachais a nuachóiriú agus a dhaingniú, trí acmhainneacht stórála leictreachais a mhéadú, agus trí dhlús a chur le sioncrónú eangach leictreachais Mhuir Bhailt le heangach an Aontais.

- (38) Cuidíonn caibidil REPowerEU freisin leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí ghlacadh an bhithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú agus trí infheistíocht a dhéanamh i nuachóiriú, i ndigiteáil agus i slándáil na heangaí leictreachais chun freastal ar chomhtháthú níos fearr foinsí fuinnimh in-athnuaite. Is é is aidhm don bheart infheistíochta lena gcumhdaítear suiteáil Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS) tionscadal trasteorann arna chur chun feidhme ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an Eastóin agus ag an bPolainn a chomhlánú, d'fhonn sioncrónú iomlán líonraí leictreachais na Stát Baltach le gréasán mhór-roinn na hEorpa a áirithiú. Cuimsítear leis an infheistíocht sin freisin gníomhaíochtaí coimhdeacha arb é is aidhm dóibh cibearshlándáil na mbonneagar criticiúil a fheabhsú agus oibriú cobhsaí an ghréasáin tarchurtha a áirithiú tar éis sioncrónaithe, d'fhonn foinsí fuinnimh in-athnuaite (RES) a chomhtháthú níos mó. Tá gné agus éifeacht trasteorann agus iltíre ag baint leis an infheistíocht maidir leis na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú, ós rud é go meastar go rannchuideoidh sí le scrogaill sna sreafaí fuinnimh a bhaint agus le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sna gréasáin a éascú.
- (39) Costais mheasta na mbeart a áirítear sa chaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu, 99 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU atá i gceist leo. Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta, den chuid is mó, ag an gcaibidil.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (40) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 42 % de leithdháileadh iomlán an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.
- (41) Tá tionchar buan ag na bearta sa chaibidil REPowerEU toisc go rannchuideoidh siad leis na gréasáin náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a nuachóiriú, a dhaingniú agus a dhigitiú. Tá infheistíochtaí san eangach náisiúnta ríthábhachtach chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus le sioncrónú na ngréasán náisiúnta le gréasán mhór-roinn na hEorpa, agus i bhfianaise chuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050. Thairis sin, rannchuidíonn na bearta sa chaibidil le spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 tríd an eangach fuinnimh náisiúnta a ullmhú chun leictreachas in-athnuaite a chomhtháthú níos mó agus trí ghlacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Meastar go dtabharfar isteach leis an athchóiriú (i) creat cumasúcháin a thabhairt isteach do phobail fuinnimh, d'fhéintomhaltóirí agus d'úinéirí micrea-ghineadóirí, (ii) coinníollacha a leagan síos maidir le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as na bonneagair tarchurtha agus dáileacháin atá ann cheana, agus (iii) coinníollacha a leagan síos maidir le méadú a dhéanamh ar ghlacadh an bhithmheatáin inbhuanaithe atá le hinstealladh sa ghréasán gáis nádúrtha atá ann cheana.

- (42) Leis an infheistíocht i soláthar fuinnimh a dhaingniú agus a chobhsú, agus i sioncrónú an ghréasáin náisiúnta leictreachais le heangach an Aontais, cuirfear tuilleadh le haistriú glas na Laitvia ó bhreoslaí iontaise. Meastar go bhfreastalóidh an infheistíocht in uasghrádú, digitiú agus daingniú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar mhéid níos airde d'fhoinsí in-athnuaite athraitheacha i sprioc na Laitvia a bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlain. Comhlánóidh an infheistíocht i mbithmheatán inbhuanaithe an iarracht náisiúnta chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus dlús a chur lena n-úsáid. Dá bhrí sin, tá coinne leis go rannchuideoidh gach beart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go mór leis an aistriú glas, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspoirí digiteacha le suim arb ionann í agus 23% de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (44) Leis na bearta digiteacha a áirítear sa RRP modhnaithe, leantar de ghnéithe iomadúla den chlaochlú digiteach a chumhdach lena gcuimsítear na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, scileanna agus nascacht, agus béim á leagan ar iomaíochas gheilleagar na Laitvia a fheabhsú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Níl tionchar ag na modhnuithe ar RRP na Laitvia ar rannchuidiú substaintiúil an RRP leis an aistriú digiteach ná leis na dúshláin a eascraíonn as.
- (45) Meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí infheistíocht a dhéanamh i ndigiteáil na ngréasán dáileacháin agus tarchurtha leictreachais, agus i slándáil dhigiteach na mbonneagar criticiúil fuinnimh. Rannchuideoidh bearta faoin gcaibidil freisin leis an acmhainneacht stórála a bhaineann le córais chliste fuinnimh a mhéadú. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digítí a leagtar síos leis an rialachán sin a chur i bhfeidhm.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (47) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaióch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin

maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

Costáil

- (48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (49) Sholáthair an Laitvia costais mheasta aonair do na bearta nua go léir lena mbaineann costas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chomh maith le réasúnuithe aonair maidir leis na bearta go léir atá ann cheana ar chuid den mhodhnú a rinneadh orthu athrú ar na meastacháin chostais. Tríd is tríd, tá an fhaisnéis a chuireann an Laitvia ar fáil mionsonraithe go leor chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar réasúntacht agus inchreidteacht na meastachán costais. Sholáthair an Laitvia meastacháin agus toimhdí ar chostais ag baint úsáid as an tábla teimpléid caighdeánach, a bhí beartaithe chun achoimre a dhéanamh ar an bpríomhfhaisnéis agus ar an bpríomhfhianaise maidir le costáil, lena n-áirítear an mhodheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais. Chuir an Laitvia doiciméid tacaíochta bhreise isteach freisin le haghaidh na meastachán ar chostais, lena n-áirítear tairiscintí tairisceana, tagairtí d'infheistíochtaí inchomparáide a rinneadh san am a chuaigh thart chomh maith le meastacháin mhionsonraithe ar chostais arna n-ullmhú ag saineolaithe cáilithe. Thairis sin, sholáthair an Laitvia leaganacha éagsúla dá réamhaisnéis costais tógála, rud a thug údar le méadú ar chostais a bhaineann leis an mboilsciú. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Thairis sin, tá údar leordhóthanach agus comhréireach leis na hathruithe ar mheastacháin ar chostais na mbeart modhnaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Ní bhaineann na meastacháin ar chostais na mbeart leasaithe ach le codán den phlean agus ní dhéanann siad difear don mheasúnú ar an bplean bunaidh maidir leis an gcritéar costála (Rátáil B).
- (50) Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an Laitvia nach ndéanfar na costais as gach beart nua agus REPowerEU a mhaoiniú ó fhoinsí maoiniúcháin eile de chuid an Aontais ag an am céanna. Tá an tiomantas maidir le cosaintí a chur i bhfeidhm a bhféachtar le maoiniú dúbailte a chosc leo fós ann agus níor athraíodh é le modhnú an phlean.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

- (51) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Laitvia chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 10157/21 INIT; ST 10157/21 ADD 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i

gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c), (g), (j) agus (k).

An próiseas comhairliúcháin

- (52) I gcomhréir lena creat dlíthiúil náisiúnta féin, rinne an Laitvia sraith comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun plé a dhéanamh ar na leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/241 chomh maith le hinneachar a plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe. Chuathas i gcomhairle go foirmiúil leis an bpobal i gcoitinne maidir leis an RRP modhnaithe trí ardán leictreonach Cabinet na nAirí i mí na Bealtaine-mí an Mheithimh 2023. Chuathas i gcomhairle freisin le comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ionadaithe eagraíochtaí gairmiúla. Tá moltaí na bpáirtithe leasmhara ar fáil go poiblí. Spreagadh a rannpháirtíocht sa phlé tríd an gcóras bainistíochta agus rialaithe a úsáidtear chun tacaíocht an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme, áit a bhfuil ionadaithe na bpáirtithe leasmhara ina gcuid lárnach de choiste faireacháin chistí an Aontais.
- (53) Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, d'eagraigh údaráis na Laitvia comhairliúchán poiblí maidir leis an gcaibidil REPowerEU ar thairseach reachtach thiomnaithe. Fuarthas 12 aighneacht san iomlán ó cheithre chomhpháirtí. Scrúdaigh údaráis na Laitvia na barúlacha a fuarthas agus tugadh mínithe do pháirtithe leasmhara maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha.

Measúnú dearfach

- (54) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

- (55) Is é EUR 1 969 244 522 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Laitvia lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Laitvia lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Laitvia lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 1 834 501 144 atá sa tsuim sin.
- (56) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 26 Meán Fómhair 2023 chuir an Laitvia iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 134 743 378 costais mheasta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Laitvia, ba cheart go

mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíochta bhreise atá ar fáil don Laitvia cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 123 797 035 atá sa tsuim sin.

- (57) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755,⁴ an 28 Feabhra 2023 chuir an Laitvia iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, is é sin EUR 10 946 343. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíochta bhreise.
- (58) Ba cheart gurb é EUR 1 969 244 522 an ranníocaíocht airgeadais iomlán a bheidh ar fáil don Laitvia.

Réamh- mhaoiniú REPowerEU

- (59) D'iarr an Laitvia an maoiniú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 10 946 343 a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 123 797 035 a aistriú ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (60) Maidir leis na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 26 Meán Fómhair 2023 d'iarr an Laitvia réamh-mhaoiniú EUR 26 948 676 arb ionann é agus 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Laitvia faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Laitvia de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 (an 'comhaontú maoinithe').
- (61) Cinneadh Cur Chun Feidhme 10157/21 INIT ón gComhairle; Dá bhrí sin, ba cheart ST 10157/21 ADD 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Laitvia a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ST 10157/21 INIT; Leasaítear ST 10157/21 ADD 1 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Laitvia a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socrúithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh

⁴ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Laitvia i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta, ar fiú EUR 1 969 244 522 í.⁵ Áirítear ar an rannchuidiú sin:

- (a) beidh suim EUR 1 640 779 642 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;
- (b) beidh suim eile EUR 193 721 502 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
- (c) suim EUR 123 797 035⁶, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a)
- (d) suim EUR 10 946 343, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Laitvia i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 237 380 000 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 26 948 676 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.’;

(3) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2 *Seolaithe*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Laitvia.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

⁵ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Laitvia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

⁶ Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Laitvia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin, a asbhaint.